Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4844

12.8.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil) a taisceadh an 10 Bealtaine 2024 – Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni (AGCOM) v BRT SpA agus páirtithe eile**

**(Cás C-345/24, AGCOM)**

(C/2024/4844)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni (AGCOM)

*Cosantóirí:* BRT SpA, Federazione Italiana Trasportatori (FEDIT), Associazione Italiana dei Corrieri Aerei Internazionali (AICAI), DHL Express (Italy) Srl, TNT Global Express Srl, Fedex Express Italy Srl, United Parcel Service Italia Srl, Amazon Italia Transport Srl, Amazon Italia Logistica Srl, Amazon EU Sàrl

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) Maidir le Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann, [1] i ndáil le faisnéis a bhailiú, an amhlaidh nach bhfuil feidhm aige ach amháin maidir le soláthraithe seirbhíse seachadta trasteorann nó, go ginearálta, maidir leis na soláthraithe seirbhíse seachadta beartán uile, faoi réir eisiaimh shonracha a bhaineann le forálacha aonair?

2) Más sa chéad treo an freagra, an féidir teacht air i dTreoir 97/67/CE, [2] nó sa chaoi a dtugtar 'cumhachtaí intuigthe' an bunús dlí atá ag na húdaráis rialála náisiúnta chun oibleagáidí ginearálta faisnéise a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí seachadta, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí seachadta nach soláthraithe trasteorann iad?

3) I gcás freagra diúltach ar an dara ceist, an bhfuil sé réasúnach, neamh-idirdhealaitheach agus comhsheasmhach le hAirteagail 14, 114 agus 169 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le soláthraithe seachadta nach soláthraithe seachadta trasteorann iad?

4) A mhéid (lena n-áirítear ó thaobh riachtanais agus comhréireachta de) a fhéadfaidh an tÚdarás Rialála Náisiúnta oibleagáidí faisnéise a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse seachadta beartán agus, go háirithe, cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar ceanglais maidir le faisnéis cothromaithe a fhorchur ar na nithe seo a leanas:

   (i) na coinníollacha is infheidhme maidir le cineálacha éagsúla custaiméirí;

   (ii) conarthaí lena rialaítear an caidreamh idir an gnóthas aonair a sholáthraíonn an tseirbhís seachadta beartán agus gnóthais a rannchuidíonn, ar bhealaí éagsúla, de réir shamhail an tslabhra soláthair, le soláthar na seirbhíse sin;

   (iii) na dálaí eacnamaíocha agus an chosaint dhlíthiúil a thugtar d'oibrithe atá fostaithe ar bhonn difriúil le linn an tseirbhís a sholáthar?

---

[1] IO 2018 L 112, lch. 19.

[2] Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO 1998 L 15, lch. 14).